# Beartas um Úsáid Fóin Pearsanta ar Scoil

## 1.1 Scóip

Baineann an polasaí seo le daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foireann Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

## 1.2 Réasúnaíocht

Cuirimíd an Polasaí seo i bhfeidhm chun go n-aithneoidh na páirtithe leasmhara na dualgaisí atá orthu maidir le húsáid fóin soghluaiste, agus chun treoir phrionsabail na scoile mar atá an mheasa, na cothromaíochta, agus an ionracais, a chosaint. Bíonn an Teicneolaíocht, i bhfoirm iPadanna, mar acmhainn oideachais lárnach den fhoghlaim i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin, agus níl aon ghá le fóin soghluaiste a úsáid i rith an lae. Úsáidfidh an scoil straitéisí éagsúla chun deiseanna foghlama a thapú do dhaltaí, agus chun baoil a sheachaint in úsáid fóin soghluaiste. Le cur i bhfeidhm iomlán den polasaí seo, tabharfar an deis do pháistí agus daoine óga sos a fháil ón saol ar-líne, agus beidh níos mó deiseanna acu nascadh lena bpiaraí i rith an lae scoile.

## 1.3 Baint le héiteas na scoile

Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin timpeallacht fháilteach, shlán agus ordaithe a chruthú agus a chaomhnú don uile dhalta, ina dtugtar gach aon tacaíocht chun barr a c(h)umas acadúil pearsanta, sóisialta agus morálach a bhaint amach, le féinmheas agus le meas ar a chéile.

## 1.4 Comhthéacs

Ba cheart an polasaí seo a léamh i gcomhthéacs threoirphrionsabail na scoile mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas, chomh maith leis an bPolasaí Sláinte agus Sábháilteachta, Polasaí um Chosaint Leanaí, Polasaí Iompair, an Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta, an Chairt um Dhínit Oibre agus ár bPolasaí Bí Cineálta. Ní mór é a léamh i gcomhthéacs Ciorclán 0045/2025 freisin. Cuirtear an polasaí seo i bhfeidhm ar scoil, ag imeachtaí scoile agus ar thurasanna scoile.

**1.5 Aidhmeanna**
Is iad na haidhmeanna atá ag an bpolasaí seo ná:

a) Na freagrachtaí atá ag páirtithe leasmhara na scoile a léiriú.

b) Timpeallacht foghlama na scoile a fheabhsú tré cur isteach ar an bhfoghlam a laghdú.

c) An baol de cibearbhulaíocht agus teacht ar ábhar míchuí a laghdú i rith an lae scoile.

d) Idirghníomhaíocht idir daltaí i rith sosanna scoile a mhéadú.

e) Treoirphrionsabail na scoile de mheas, cothromaíocht agus ionracais a chaomhnú.

f) Rialacha na scoile maidir le fóin a úsáid a shoiléiriú do pháirthithe leasmhara uile na scoile.

**2. Ábhar an Pholasaí**

a) Tugtar Bosca Fóin do gach dalta ag tús na scoilbhliana. Tá an bosca seo greamaithe le taisceadán an dalta.

b) Ní mór fón soghluaiste an dalta a choimeád sa Bhosca Fóin seo ar feadh an lae. Níl aon eisceacht leis an riail seo.

c) Ní mór foirm na bhfóin a fháil ó aon dhalta nách mbíonn fón acu ar scoil, sínithe ag a dtuismitheoirí, ag deimhniú a leithéad. Tá an foirm seo ar fáil ón bPríomhoide Tánaisteach.

d) Déanfaidh gach muinteoir monatóireacht rialta ar na Boscaí Fóin.

e) Is é freagracht na dtuismitheoirí a bpáistí a chosaint ar-líne agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid a bhfóin soghluaiste nuair nách bhfuil an páiste ar scoil.

f) Táthar ag súil go gcloífidh daltaí leis na hionchais timpeall an polasaí seo i gcónaí.

g) Lagfar píonós ar éinne nách leanann na rialacha sa pholasaí seo, ar aon dul le Cód Iompair na scoile.

h) Ní cheadaítear fón soghluaiste a úsáid chun dul i dteagmháil le éinne i rith am scoile, ar thurasanna scoile, agus ag imeachtaí eile scoile, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, agus le réamhchead ó bhainistíocht na scoile.

i) Tá cead ag gach dalta dul i dteagmháil le baile ó Oifig na Scoile, le réamhchead ón gCeann Bliana nó ó Bhainistíocht na Scoile.

j) Ní cheadaítear uaireadóirí glic ar scoil, ach amháin i gcásanna eisceachtúil, le réamhchead ó Bhainistíocht na Scoile.

k) Ní bhaineann na srianta ar ghutháin a úsáid le taisteal chuig na scoile nó ag dul abhaile. É sin ráite, má úsáidtear fón soghluaiste chun cur isteach ar aon bhall de phobal na scoile, cuirfear an Cód Iompair i bhfeidhm.

l) Níl an scoil freagrach as cailiúint nó damáiste ar fóin ar scoil, ag imeachtaí scoile nó ar thurasanna scoile.

**3. Smachtbhainní mar thoradh ar shárú an pholasaí seo;**

Is féidir na smachtbhannaí seo a chur i bhfeidhm a bhaineann le sárú an pholasaí seo (ní liosta uileghabhálach é seo);

a) Gléasanna a bhaint má thagtar orthu ar thalamh na scoile nó ag imeachtaí scoile.
b) Fógra a chur chuig tuismitheoirí.
c) Tréimhse machnaimh tar éis na scoile.
d) Dalta a chur ar fionraí ón scoil agus/nó ó imeachtaí scoile.
e) Díbeart i gcásanna drochiompar dáiríre a tharraingíonn droch-cháil ar an scoil nó a aithisíonn, a dhéanann béadchaint nó maistíneacht ar aon bhall de phobal na scoile. Baineann sé seo ach go háirithe, ach go neamheisiach, le haon dalta a chruthaíonn ardán nó a chuireann leis nó a roinneann ábhar chun táiríde, maistíneacht nó náiriú a dhéanamh ar aon bhall de phobal na scoile.
f) Caingean dlí agus/nó ionchúiseamh.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí seo ar an 7ú Deireadh Fómhair 2025.

Tá sé ar fáil do pháirtithe leasmhara na scoile, agus tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile. Déanfar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil, agus/nó nuair is gá.